AN COISTE COMHAIRLEACH NÁISIÚNTA UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

NATIONAL TRAVELLER ACCOMMODATION CONSULTATIVE COMMITTEE

Tuarascáil Bhliantúil 2009

National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tuarascáil Bhliantúil 2009

Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1
Teileafón: (01) 888 2121
Lóghlao: 1890 20 20 21
Facs: (01) 888 2619
ríomhphost: ntacc@environ.ie

Cnoc an Éin, Inis, Contae an Chláir

Clár

1.	**Ráiteas an Chathaoirligh**	**4**
2.	**Faisnéis Ghinearálta**	**6**
	Bunú	6
	Téarmaí Tagartha	6
	Ballraíocht an Choiste	6
	Tuarascáil Bhliantúil an Choiste	7
	Cruinnithe	7
3.	**Achoimre ar Phríomhghníomhartha**	**8**
	Taighde ar na Bacainní maidir le Soláthar Cóiríochta don Lucht Siúil	8
	Seimineár do Chathaoirligh de CCACLS	9
	Cumann Cóiríochta Deonaí faoi stiúir an Lucht Siúil (TVAA)	9
	Clásail Dhúchasacha i gCláir Chóiríochta don Lucht Siúil	10
	Grúpa Oibre um an "Tuarascáil Deiridh"	11
	An Tríú Babhta de Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil 2009 - 2013	12
	Cóiríocht Údarás Áitiúil don Lucht Siúil	13
	Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh Lucht Siúil	14
4.	**Airgeadas**	**15**
5.	**Aguisíní**	**16**
	Aguisín I	
	Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh Lucht Siúil in 2009	16
	Aguisín II	
	Cóiríocht arna Soláthar in 2009	22

Focal ón gCathaoirleach

Cathaoirleach – Séamus Ó Cinnéide

Tá áthas orm an t-aonú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCNCLS) a thíolacadh don Aire Tithíochta agus Seirbhísí Áitiúla. Déantar an tuarascáil seo, a shonraíonn gníomhaíochtaí an tríú CCNCLS i rith 2009, a thíolacadh don Aire de réir cheanglais *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil),* 1998. Tháinig deireadh le téarma oifige an tríú Coiste an 30 Eanáir 2010 agus ba í 2009 an bhliain feidhmíochta iomlán dheiridh aige.

Reáchtáil an Coiste clár iomlán cruinnithe i rith na bliana 2009. Thugamar cuairt ar Chomhairle Contae na Gaillimhe agus ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i Meán Fómhair 2009 freisin. I rith na cuairte seo thugamar cuairt ar chóiríocht shainiúil don Lucht Siúil ag an dá údarás áitiúil agus bhuaileamar le hoifigigh údarás áitiúil, comhaltaí údarás áitiúil agus baill áitiúla den Lucht Siúil. Is bealach an-úsáideach iad na cuairteanna seo ar údaráis áitiúla chun baill an Choiste a chur ar an eolas maidir leis an staid áitiúil agus chun ábhair imní an Choiste a chur in iúl do na húdaráis áitiúla. Tá súil againn go leanfar leo amach anseo.

I nDeireadh Fómhair 2009, d'eagraigh an Coiste, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, seimineár do Chathaoirligh na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCACLS) a bunaíodh le déanaí. D'iarr an tAire ar gach údarás áitiúil CCACLS nua a bhunú tar éis na dtoghchán áitiúil i Meitheamh 2009. Bhí freastal maith ar an seimineár, a bhí ar siúl sa Teach Chustaim, Baile Átha Cliath, agus bhí sé ar siúl ag am tráthúil: bhí na CCACLS nua díreach tar éis tús a chur lena ngníomhartha agus ba í 2009 freisin an bhliain tosaigh den tríú babhta de na Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil. Tá tuairisc maidir leis an seimineár ar leathanach 9 den Tuarascáil seo.

I measc an réimse leathan saincheisteanna a pléadh ag cruinnithe an Choiste in 2009 bhí an méid seo a leanas: an taighde a choimisiúnaigh an Coiste maidir leis na bacainní atá le sárú ag údaráis áitiúla agus iad ag soláthar cóiríochta don Lucht Siúil, Tuarascáil Deiridh an tríú CCNCLS, an tríú babhta de Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil ag údaráis áitiúla agus na moltaí a cuireadh chun

cinn do Chumann Cóiríochta Deonaí faoi stiúir an Lucht Siúil. Thug an Coiste cuireadh freisin d'urlabhraithe ón Ionad Taighde Tithíochta agus ó Ghluaiseacht Taistealaithe na hÉireann cur i láthair a dhéanamh don Choiste.

Tháinig méadú 545 ar líon na dteaghlach den Lucht Siúil sa stát in 2009, arna n-áireamh sa *Chomhaireamh Bliantúil*, agus tá 8,943 teaghlach ann anois. Bhí méadú beagnach 6.5% ar an líon teaghlach sa Lucht Siúil ó 2008 go dtí 2009. Bhí *ráta bliantúil an mhéadaithe* os cionn 5% in 2006 agus in 2007 ach laghdaigh sé go dtí 3.7% in 2008. Leanann líon na dteaghlach den Lucht Siúil ag dul i méid ag ráta i bhfad níos mó ná ráta méadaithe an daonra i gcoitinne. In ainneoin an mhéadaithe sa líon foriomlán teaghlach den Lucht Siúil, laghdaigh an líon teaghlach *a raibh cónaí orthu ar láithreáin neamhúdaraithe* ó 524 in 2008 go dtí 422 in 2009. Tá anailís níos mionsonraithe ar Chomhaireamh Bliantúil 2009 sa chuid dar teideal "Cóiríocht Údarás Áitiúil don Lucht Siúil in 2009" atá ar leathanach 13 den Tuarascáil seo.

Mar Chathaoirleach ar an tríú CCNCLS, is mian liom buíochas a ghlacadh le gach duine a chabhraíonn agus a thacaíonn le hobair an Choiste. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Tithíochta agus Seirbhísí Áitiúla an tUasal Michael Finneran T.D. a thug tacaíocht mhór dár gcuid oibre. Chuir foireann oibre an Aonaid Chóiríochta don Lucht Siúil sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, seirbhísí rúnaíochta, riaracháin agus tacaíochta ar fáil go cúramach, go híogair agus go héifeachtúil. Chuaigh an tUasal Carmel Sherry as an Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil, a bhí ag cur tacaíochta feidhmí ar fáil don Choiste, ar scor i nDeireadh Fómhair 2009, agus ba mhaith liom gach ádh a ghuí uirthi thar ceann an Choiste. Láimhseáil foireann oibre Chomhairle Contae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe cuairt an Choiste go cúirtéiseach agus go héifeachtúil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo sin ar fad a luadh, agus leo sin go léir a chabhraigh leis an gCoiste feidhmiú go héifeachtach i rith na bliana 2009, thar ceann an tríú CCNCLS.

Séamus Ó Cinnéide
Cathaoirleach

Eolas Ginearálta

Bunú

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCNCLS) ar bhunús reachtúil, an 29 Aibreán 1999 faoi ailt 19 agus 20 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998. Ceapadh an tríú CCNCLS an 31 Eanáir 2007, agus chuaigh a théarma oifige in éag an 30 Eanáir 2010.

Téarmaí Tagartha

Seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste:-

Comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le

- aon ní ginearálta a bhaineann le cóiríocht don lucht siúil;
- aon ní a tharchuirfidh an tAire chuige;
- i ndáil leis na bearta is mo is cuí chun feabhas a chur, ag an leibhéal áitiúil, ar chomhchomhairle leis an lucht siúil agus rannpháirteachas an lucht siúil nuair a bhíonn cóiríocht á cur ar fáil agus á bainistí;
- i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le hullmhú, le leordhóthanacht, le cur i ngníomh agus le comhordú clár cóiríochta don lucht siúil.

Ballraíocht an Choiste

An tUasal Séamus Ó Cinnéide	Cathaoirleach
An tUasal Bridget Casey[1]	Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
An tUasal Martin Collins	Ionad Lucht Siúil Ionad Pavee
An Comhairleoir Emer Costello	Cumann Comhairlí Contae is Cathrach
An tUasal Jim Ganley[2]	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An tUasal Joe Horan	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
An tUasal Maria Joyce	An Fóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná
An tUasal Catherine Linehan[3]	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An tUasal Jackie Maguire	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
An Comhairleoir Patricia McCarthy	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann

An tUasal Mary McDonnell	Ainmní an Aire
An tUasal Séamus O'Connor	Ainmní an Aire
An tUasal Brendan Sheehy[4]	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An tUasal Cathal Comey	Rúnaí don Choiste

1 Ceapadh an tUasal Casey chuig an gCoiste an 25 Feabhra 2009 chun an folúntas a bhí ann ó scor Rose Marie Maughan i mí na Nollag 2008 a líonadh.
2 Chuaigh an tUasal Ganley ar scor ón gCoiste i Meán Fómhair 2009.
3 Ceapadh an tUasal Linehan chuig an gCoiste an 6 Iúil 2009 chun an folúntas a bhí ann ó scor an tUasal Brendan Sheehy i mBealtaine 2009 a líonadh.
4 Chuaigh an tUasal Sheehy ar scor ón gCoiste i Meán Fómhair 2009.

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste

Ordaítear le hAlt 19 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 nach mór don Choiste tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta agus Seirbhísí Áitiúla maidir lena chuid gníomhaíochtaí, agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Clúdaíonn an Tuarascáil seo an tréimhse ón 01 Eanáir 2009 - 31 Nollaig 2009.

Cruinnithe

Thionóil an CCNCLS sé chruinniú coiste idir an 01 Eanáir agus an 31 Nollaig 2009.

Seo a leanas líon na gcruinnithe ar a fhreastail gach ball den Choiste in 2009: An tOllamh Ó Cinnéide (6), An tUasal Casey (3), An tUasal Collins (5), An Comhairleoir Costello (0), An tUasal Ganley (4), An tUasal Horan (5), An tUasal Joyce (2), An tUasal Linehan (3), An tUasal Maguire (6), An Comhairleoir McCarthy (4), An tUasal McDonnell (3), An tUasal O'Connor (6), An tUasal Sheehy (1).

Achoimre ar Phríomhghníomhartha

1. Taighde ar na Bacainní maidir le Soláthar Cóiríochta don Lucht Siúil

Tá imní ar an gCoiste le tamall anuas maidir leis an easpa eolais atá ann chun na bacainní atá os comhair údaráis áitiúla agus iad ag soláthar cóiríochta don Lucht Siúil a aithint. Bhunaigh roinnt comhaltaí, an Cathaoirleach san áireamh, grúpa beag chun tús a chur le tionscadal taighde sa réimse seo. Dhear an grúpa seo ceistneoir le cur thart ag gach údarás áitiúil i rith 2008. Faoi dheireadh 2008, bhí leagan deiridh den cheistneoir seo curtha le chéile agus bhí tús curtha leis an bpróiseas tairisceana chun conradh a thabhairt do thaighdeoir chun an taighde seo a dhéanamh. Leanadh leis an bpróiseas seo in 2009 agus tar éis taighdeoir, an tUasal John Weafer a cheapadh, eisíodh ceistneoir do gach údarás áitiúil i bhFeabhra 2009. Bhí áthas ar an gCoiste a thabhairt faoi deara gur sheol gach údarás áitiúil freagra ar ais agus réitigh an tUasal Weafer dréacht-thuarascáil a pléadh ag cruinniú an Mheithimh den Choiste.

Bhí ráta soláthar cóiríochta don Lucht Siúil ina shaincheist arís agus arís eile ag cruinnithe CCNCLS i rith théarma an tríú Coiste. Ní mór a rá go soiléir nach bhfuil an tuarascáil taighde bunaithe ach ar thuairimí na n-údarás áitiúil amháin. Tá an Lucht Siúil agus grúpaí den Lucht Siúil den tuairim láidir go bhfuil bacainní breise nó eile ann do sholáthar cóiríochta don Lucht Siúil nach gclúdaítear sa tuarascáil seo.

D'aithin an tuarascáil roinnt mhór deacrachtaí a cheap údaráis áitiúla a bhí ag cur coisc nó moille ar sholáthar cóiríochta don Lucht Siúil. Ba í an bhacainn ba mhinice a luadh maidir le tionscadail chóiríochta don Lucht Siúil a bhí pleanáilte nach ndeachaigh chun cinn ná infhaighteacht láithreáin. Ina dhiaidh seo luadh gur tháinig athrú intinne ar pháirtithe, chomh maith le saincheisteanna pleanála agus saincheisteanna tairisceana/conartha. Nuair a cuireadh an cheist níos ginearálta maidir leis na bacainní a bhí os a gcomhair agus iad ag cur a gClár Cóiríochta don Lucht Siúil i bhfeidhm, ba iad na freagraí ba choitianta a tháinig ó údaráis áitiúla ná deacrachtaí a bhain le talamh feiliúnach a fháil, agóidí/frithbheartaíocht áitiúil, ionchais mhíréadúla ag an Lucht Siúil, agus athrú intinne ar an Lucht Siúil. Tá fadhbanna talún le feiceáil go láidir mar bhacainn i rith na tuarascála.

Ní raibh i gceist leis an tuarascáil seo ach na bacainní a chreideann na húdaráis áitiúla a bheith ann a aithint, agus níor lorgaíodh réitigh. Clúdaíodh ceisteanna maidir le CCACLS, an CCNCLS agus an straitéis iomlán cóiríochta don Lucht Siúil sa taighde agus tugtar léargas maith dúinn ar thuairimí na n-údarás áitiúil maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ach í a iarraidh ón Aonad

Cóiríochta don Lucht Siúil sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

2. Seimineár do Chathaoirligh Choistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCACLS)

In 2008 bhí an Coiste ina óstach ar dhá sheimineár rathúla do bhallraíocht CCACLS. Bhí toghcháin áitiúla ar siúl i ngach limistéar údaráis áitiúil i Meitheamh 2009 agus i ndiaidh na dtoghchán seo, iarradh ar na húdaráis áitiúla CCACLS nua a bhunú dá limistéar feidhme. Phléigh an Coiste an t-ábhar seo ag roinnt dá chruinnithe in 2009 agus shocraigh sé gurbh fhiú seimineár a reáchtáil do Chathaoirligh na CCACLS nuabhunaithe seo. Bhí an seimineár ar siúl, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, i nDeireadh Fómhair 2009.

Bhí cur i láthair ó oifigigh údarás áitiúil, grúpaí den Lucht Siúil, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúla agus iar-Chathaoirleach CCACLS ag an seimineár. Bhí deis ag an seimineár seo na Cathaoirligh go léir a thabhairt le chéile ag tús a dtéarma oifige. Ba iad aidhmeanna an tseimineáir ná cur ar chumas na gCathaoirleach agus na CCACLS a bheith níos éifeachtaí agus cabhrú le Cathaoirligh a fheiceáil go raibh fadhbanna coiteann ag CCACLS éagsúla a bhféadfaí an ceann is fearr a fháil orthu. Thug an seimineár seo deis do Chathaoirligh nua CCACLS foghlaim ó thaithí daoine eile agus b'fhiú go mór é.

3. Cumann Cóiríochta Deonaí faoi stiúir an Lucht Siúil (TVAA)

In 2009 rinne Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann (ITM) staidéar féidearthachta chun cumann cóiríochta deonaí faoi stiúir an Lucht Siúil a bhunú. Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil don staidéar seo. Ag cruinniú an Choiste i mí na Samhna, rinne an tUasal Gráinne O'Toole, a chuaigh i mbun an staidéir ar son ITM, cur i láthair ar phríomhthorthaí an taighde.

Rinneadh an staidéar seo thar thréimhse sé mhí go luath in 2009 agus ba é an príomhchuspóir a bhí i gceist leis ná faisnéis a bhailiú faoi cibé an mbeadh sé indéanta TVAA a bhunú. Fuarthas amach go raibh na páirtithe uile a cuireadh faoi agallamh mar chuid den taighde, lena n-áirítear comhlachtaí tithíochta deonaí atá ann cheana féin, údaráis áitiúla, an Lucht Siúil, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta agus oifigigh Roinne, an-dearfach faoi fhorbairt dá leithéid agus go dtacóidís léi. D'aithin roinnt daoine bacainní, go háirithe an Lucht Siúil, ach bhí na páirtithe go léir

muiníneach go bhféadfaí aon bhacainní atá ann a shárú le TVAA gairmiúil agus oilte a mbeadh na tacaíochtaí iomchuí acu.

Mar chuid den taighde, rinneadh mórán moltaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha chun an togra seo a chur i bhfeidhm. Moladh sa staidéar gur cheart don ITM TVAA a bhunú ina mbeadh na struchtúir agus na beartais ábhartha go léir ar bun chun an smaoineamh seo a bhrú ar aghaidh. Bheadh beartas bainistíochta agus cothabhála i measc na mbeartas seo. Ba cheart don TVAA sin tabhairt faoi roinnt treoirthionscadal arna roghnú go cúramach ansin.

Thacaigh an Coiste go mór leis an smaoineamh sin agus d'fháiltigh siad roimh an taighde seo agus threisigh siad leis an Uasal O'Toole maidir le cáilíocht an staidéir a cuireadh ar fáil. Dúirt an Roinn gur cheart don ITM oibriú le hAonad na Tithíochta Deonaí sa Roinn agus le Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta chun aitheantas a fháil ó airí don TVAA mar Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe (ABH) faoi Alt 6 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992, agus go mbeadh an próiseas seo ann féin ina réiteach ar chuid de na saincheisteanna agus na bacainní a ardaíodh le linn an taighde. I mí na Samhna 2009 thug an Roinn cead agus maoiniú don ITM chun dara oifigeach náisiúnta cóiríochta a choinneáil agus tá an tionscadal seo ar cheann de na príomhchúiseanna go ndearnadh an post sin a fhaomhadh. D'ainneoin na srianta soiléire ar mhaoiniú caipitil faoi láthair dúirt an Roinn go ndéanfaidh sí gach iarracht maoiniú a chur ar fáil le haghaidh treoirthionscadal a bhfuil taighde maith déanta orthu.

Fáiltíonn an Coiste roimh an smaoineamh seo agus spreagann sé an ITM chun an ghníomhaireacht seo a chur ar bun agus chun stádas AHB a fháil di chomh luath agus is féidir.

4. Clásail Dhúchasacha i gCláir Chóiríochta don Lucht Siúil

Léiríodh in iniúchadh a rinneadh ar an tríú babhta de Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil arna ghlacadh ag údaráis áitiúla go luath in 2009 go raibh líon suntasach údarás áitiúil tar éis clásal dúchasach a chuimsiú ina gcláir. Is éard is clásal dúchasach ná coinníoll gur gá don teaghlach den Lucht Siúil a bheith ina gcónaí i limistéar údaráis áitiúil ar feadh tréimhse áirithe ama sula gcuirfear san áireamh ar an gclár cóiríochta don Lucht Siúil iad agus sula nglacfar leo mar dhream atá incháilithe do chóiríocht bhuan. Rinneadh an cheist sin a phlé ag roinnt cruinnithe de chuid CCNCLS in 2009.

Tá dearcaí éagsúla ag grúpaí Lucht Siúil agus ag údaráis áitiúla maidir le clásail dhúchasacha. Áitíonn grúpaí Lucht Siúil i gcoitinne nár cheart leanúint dá n-úsáid. Ceapann údaráis áitiúla áfach gur fórsa dearfach iad lena chinntiú go dtabharfar tosaíocht do dhaoine den Lucht Siúil a thagann óna limistéar feidhme ó dhúchas agus cóiríocht á leithdháileadh. Dúirt an Ard-Chúirt go raibh sé dleathach clásail dhúchasacha a chuimsiú i gCláir Chóiríochta don Lucht Siúil agus chinn sí go raibh an chumhacht reachtúil ag údaráis tithíochta a leithéid a dhéanamh. Luadh sa bhreithiúnas sin freisin "nár cheart clásal dúchasach a chur i bhfeidhm ar bhealach chomh docht sin agus go mbíonn sé ina bhac éifeachtach ar mheasúnú ar bith ag an údarás tithíochta ar iarratas ar thithíocht ó dhuine den Lucht Siúil". Chuir daoine den Lucht Siúil atá ina mbaill den Choiste imní in iúl go mbainfeadh roinnt údarás áitiúil úsáid mhíchuí as a gclásal dúchasach chun iarratas ar chóiríocht ó Lucht Siúil "neamhdhúchasacha" a dhiúltú. D'fhonn déileáil leis na hábhair imní sin d'iarr an Coiste ar an Roinn soiléiriú a eisiúint chuig údaráis áitiúla ar úsáid cheart na gclásal dúchasach. D'aontaigh an Roinn leis an iarratas seo agus d'eisigh sí Ciorclán an 13 Deireadh Fómhair 2009 inar tugadh sonraí ar bhreithiúnas na hArd-Chúirte agus inar iarradh ar údaráis áitiúla a thabhairt faoi deara nár cheart clásal dúchasach a úsáid chun bac a chur ar mheasúnú ar iarratas ar chóiríocht ó dhuine den Lucht Siúil.

5. Grúpa Oibre um an "Tuarascáil Deiridh"

Go luath in 2009 chinn an Coiste go gcuirfeadh sé "Tuarascáil Deiridh" ar fáil chomh maith leis na tuarascálacha bliantúla a bhfuil sé de dhualgas air a fhoilsiú faoi théarmaí Acht 1998.

Is é cuspóir na Tuarascála Deiridh ná cur síos achomair a chur ar fáil ar roinnt de na príomhcheisteanna a phléigh an Coiste reatha le linn a théarma oifige agus roinnt ceisteanna a aithint a d'fhéadfadh an chéad CCNCLS eile a chur san áireamh mar chuid dá chlár oibre. D'aontaigh na baill uile gur chuir an Tuarascáil Deiridh ar chumas an Choiste reatha a chuid oibre a thabhairt ar láimh ar bhealach ordúil agus go mbeadh sí ina pointe tosaigh úsáideach don Choiste nua.

Cuireadh Grúpa Oibre um an Tuarascáil Deiridh ar bun i mí Aibreáin 2009 agus rinne siad sraith cruinnithe a thionól idir mí Aibreáin agus mí na Samhna 2009. D'aontaigh an grúpa oibre dréacht-thuarascáil a scaipeadh chuig baill uile an Choiste le breithniú ag cruinniú CCNCLS i mí na Samhna. Aontaíodh roinnt mionathruithe ag cruinniú an Choiste i mí na Samhna agus glacadh leis an Tuarascáil Deiridh ag cruinniú deiridh an Tríú CCNCLS i mí Eanáir 2010.

6. An Tríú Babhta de Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil 2009 - 2013

Cuireadh an dara babhta de Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil (CCLS) de chuid na n-údarás áitiúil i gcrích an 31 Nollaig 2008. I mí Lúnasa 2008 d'eisigh an Roinn meabhrán do gach údarás áitiúil inar cuireadh comhairle orthu tús a chur leis an bpróiseas trína nglacfar le tríú CCLS i ngach údarás áitiúil ábhartha sa deireadh. Shocraigh an tAire an 30 Aibreán 2009 mar spriocdháta do na húdaráis áitiúla chun glacadh go foirmiúil lena dtríú CCLS. Is feidhm fhorchoimeádta é glacadh le CCLS.

Chuir an Roinn in iúl don Choiste ag a chruinniú an 29 Aibreán 2009 go raibh na húdaráis áitiúla go léir tar éis glacadh go rathúil lena CCLS faoin dáta sin agus nár cuireadh aon deacrachtaí suntasacha in iúl don Roinn le linn an phróisis sin. Bhí an Coiste an-sásta gur glacadh leis na CCLS uile sa seomra comhairle agus nach raibh gá le hidirghabháil ón mBainisteoir Contae/Cathrach.

Is léir go gcuirfear an tríú babhta de CCLS i bhfeidhm i dtimpeallacht eacnamaíoch atá an-difriúil ón gceann a bhí ann roimhe seo agus mar sin beidh deacrachtaí i ndán d'údaráis áitiúla. Chuir ionadaithe an Lucht Siúil ar an gCoiste in iúl go raibh imní orthu nach raibh go leor cóiríochta sainiúla don Lucht Siúil á cur san áireamh ina CCLS ag roinnt údarás áitiúil. Cuireadh spriocanna CCLS agus measúnú ar riachtanais i gcomparáid lena chéile agus léiríodh ann cé go raibh gannchion idir spriocanna agus riachtanas i ngach catagóir go raibh sé i bhfad níos lú ná an gannchion a bhí i gceist leis an liosta tithíochta ginearálta. Fuarthas amach leis an measúnú ar riachtanais a ndearnadh iniúchadh orthu le linn an phróisis seo go roghnódh an Lucht Siúil gnáth-thithíocht thar chóiríocht shainiúil don Lucht Siúil. D'áitigh ionadaithe an Lucht Siúil ar an gCoiste nach dtugann an measúnú ar riachtanais léiriú cruinn ar an éileamh ar chóiríocht shainiúil don Lucht Siúil agus go roghnaíonn mórán daoine den Lucht Siúil gnáth-thithíocht toisc go gcreideann siad gurb é sin an t-aon seans réadúil atá acu cóiríocht bhuan a fháil dóibh féin. Dhiúltaigh ionadaithe na n-údarás áitiúil ar an gCoiste an ráiteas sin agus deir siad gur próiseas simplí é an measúnú ar riachtanais ina gcuirtear ar chumas an Lucht Siúil a rogha cóiríochta a chur in iúl. Níor chuir grúpaí an Lucht Siúil aon fhianaise bhuan ar fáil fós le cruthú go bhfuil torthaí an mheasúnaithe ar riachtanais míchruinn.

Rinne an Roinn roinnt athruithe ar an bpróiseas trína ndéantar feidhmiú na n-údarás áitiúil a thomhas. Beidh ar an gceathrú CCNCLS monatóireacht chúramach a dhéanamh ar na staitisticí bliantúla seo chun dul chun cinn na

n-údarás áitiúil a mheas ó thaobh chur chun feidhme an tríú babhta de CCLS ar ghlac siad leo.

7. Cóiríocht Údarás Áitiúil don Lucht Siúil in 2009

Measadh leis an gcomhaireamh bliantúil ar líon na dteaghlach den Lucht Siúil, a rinneadh i mí na Samhna 2009, go raibh 8,943 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí sa Stát ag an am sin. Ba mhéadú 6.48% (méadú 545) é sin ar líon na dteaghlach dá leithéid i gcomhaireamh 2008. I dTuarascáil Bhliantúil 2008 tugadh faoi deara gurb é 3.7% an ráta méadaithe in 2008 agus gur laghdú suntasach é sin ar an neasmhéadú 5% a bhí ann in 2006 agus 2007. Is cosúil nárbh ionann an ráta méadaithe sách íseal a bhí ann in 2008 agus tús le treocht mheathlaithe mar leanann líon na dteaghlach den Lucht Siúil arna dtaifeadadh ag dul i méid ag ráta i bhfad níos mó ná ráta méadaithe an daonra i gcoitinne.

Tá líon na dteaghlach den Lucht Siúil atá ina gcónaí i ngnáth-thithíocht údaráis áitiúil fós ag dul i méid (89 breise ó 2008, go dtí 3,300 teaghlach ag deireadh 2009). Tá an chatagóir seo fós ar an rogha cóiríochta is mince a roghnaítear (Féach Tábla 1, leathanach 14, thíos freisin). In 2009, bhí 5,617 teaghlach in iomlán, sin méadú 117 ar 2008, i gcóiríocht arna cur ar fáil ag údaráis áitiúla nó le cúnamh ó údaráis áitiúla. Ba í tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach an rogha cóiríochta inar taifeadadh an méadú is mó arís in 2009, bhí méadú 487 inti suas go 2,003 teaghlach. Tháinig méadú an-suntasach ar líon na dteaghlach a bhí ina gcónaí i gcóiríocht ar cíos san earnáil phríobháideach le blianta beaga anuas agus is ionann an líon sin anois agus 22.39% de na teaghlaigh go léir arna dtaifeadadh. Tá sé soiléir go bhfuil teacht níos mó ag tionóntaí den Lucht Siúil ar mhargadh na cóiríochta ar cíos san earnáil phríobháideach anois ná mar a bhí cheana. Coimeádtar teaghlaigh atá ina gcónaí i gcóiríocht ar cíos san earnáil phríobháideach ar liosta tithíochta an údaráis áitiúil agus déantar cóiríocht bhuan a thairiscint dóibh i gcomhréir le scéim na dtosaíochtaí cíosa. Ciallaíonn an cor chun donais eacnamaíoch go bhfuil níos lú gnáth-thithíocht údaráis áitiúil á cur ar fáil ag údaráis áitiúla agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis leis an méadú i gcóiríocht ar cíos san earnáil phríobháideach freisin.

Tá líon iomlán na dteaghlach atá ina gcónaí ar láithreáin stad tar éis dul i léig gach bliain ó 2003 i leith. Bhí laghdú 36 teaghlach, go dtí 999 teaghlach le feiceáil in 2009. Tháinig méadú 37 teaghlach ar líon na dteaghlach ag baint leasa as cóiríocht ar bhánna ar láithreáin stad bhuana in 2009 áfach, agus tá

611 teaghlach ag baint leasa astu anois. Ciallaíonn an méadú seo, mar aon leis an laghdú ar líon na ndaoine atá ina gcónaí ar láithreáin stad ar an iomlán, go bhfuil líon níos lú teaghlach á gcur i gcóiríocht ar bhánna sealadacha nó éigeandála nó ag comhroinnt bánna agus is cúis áthais é sin. Tháinig méadú 17 teaghlach, go dtí 780 teaghlach, ar líon na dteaghlach atá ag baint leasa as cóiríocht i dtithe grúpa.

D'ainneoin an mhéadaithe de 545 teaghlach in 2009 tháinig laghdú 102 teaghlach go dtí 422 teaghlach (4.71% de na teaghlaigh go léir) ar líon na dteaghlach atá ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe. D'fheidhmigh na húdaráis áitiúla go maith sa réimse sin in 2009 agus ní mór é a mholadh. Tháinig méadú 45 teaghlach go dtí 390 teaghlach ar líon na dteaghlach atá ag comhroinnt tithe ach tá sé fós faoi bhun an fhigiúir choibhéisigh do 2007 d'ainneoin méadú mór sna figiúirí foriomlána le linn na tréimhse sin. Ba cheart go mbeadh sé fós mar thosaíocht ag údaráis áitiúla líon na dteaghlach atá ag comhroinnt cóiríocht phlódaithe agus atá ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe a laghdú a thuilleadh.

8. Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil

Rinneadh an Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil an 27 Samhain 2009. Tá sonraí ceangailte le hIarscríbhinn I. Tá achoimre ar staid na cóiríochta le haghaidh teaghlach den Lucht Siúil ag deireadh 2009 le fáil sa tábla (Tábla 1).

Tábla 1
Líon na dTeaghlach den Lucht Siúil - Samhain 2009

	Líon na dTeaghlach in	2009	% de theaghlaigh
(a)	Gnáth-thithe Údaráis Áitiúil (Tithíocht Dheonach san áireamh)	3,431	38.37
(b)	Cóiríocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach	2,003	22.39
(c)	Tithíocht Grúpa	708	7.92
(d)	Bánna ar Láithreáin Stad Bhuana	611	6.83
(e)	Láithreáin Neamhúdaraithe	422	4.71
(f)	Acmhainní Féin	511	5.72
(g)	Tithe Príobháideacha arna dtacú ag Údaráis Áitiúla	479	5.36
(h)	Tithíocht Chomhroinnte (catagóirí a, b, c, f, g)	390	4.37
(i)	Bánna Seirbhíse Bunúsacha / Bánna ar Láithreáin Stad Neamhbhuana	219	2.45
(j)	Bánna Comhroinnte ar Láithreáin Stad Bhuana	122	1.36
(k)	Bánna Seirbhíse Bunúsacha Comhroinnte / Bánna Comhroinnte ar Láithreáin Stad Neamhbhuana	47	0.5
	Iomlán	**8,943**	**100%**

Airgeadas

Íocann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go hiomlán as costais oibriúcháin an Choiste.

Thabhaigh an Coiste €27,460 i gcaiteachas in 2009. (Ba é €27,525 an figiúr coibhéiseach i gcomhair 2008).

An Bhoth Fhuar, Baile Átha Cliath Theas

Aguisín I
Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh

Údarás Áitiúil	Cóiríocht											
	Gnáth-Tithíocht an Údaráis Áitiúil			Grúpthithíocht an Údaráis Áitiúil			Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla			Curtha ar fáil ag Comhlachtaí Deonacha le Cúnamh ó Údaráis Áitiúla		
	1			2			3			4		
	2007	2008	2009	2007	2008	2009	2007	2008	2009	2007	2008	2009
Ceatharlach	43	45	45	11	10	10	13	14	13	2	2	2
Cabhán	25	40	50	23	23	23	0	0	0	0	0	0
An Clár	39	50	48	30	30	46	29	30	30	6	5	6
Corcaigh	130	144	145	16	16	15	13	13	12	1	1	1
Dún na nGall	114	125	116	12	12	11	0	0	0	0	0	5
Dún Laoghaire/Rath	31	32	37	27	25	23	0	0	0	0	0	0
Fine Gall	64	75	63	45	45	43	0	0	6	1	3	3
Gaillimh	242	236	256	51	53	52	56	45	66	5	6	7
Ciarraí	117	112	123	0	0	0	40	45	48	1	1	2
Cill Dara	44	49	40	7	7	7	1	0	0	1	2	7
Cill Chainnigh	38	41	43	8	8	8	13	14	14	4	1	4
Laois	72	75	77	4	3	3	11	11	12	3	2	3
Liatroim	3	7	8	8	13	13	1	0	0	0	0	0
Luimneach	171	173	186	16	17	17	30	34	34	0	0	0
An Longfort	217	241	240	0	0	0	13	13	13	4	4	4
Lú	156	166	167	20	20	20	40	43	44	10	13	13
Maigh Eo	112	100	100	7	10	10	30	32	33	7	8	9
An Mhí	67	72	71	29	24	20	0	0	0	15	15	15
Muineachán	60	61	77	0	0	0	18	19	21	3	3	0
TÁ Thuaidh	88	90	96	9	12	12	4	4	4	0	2	4
Uíbh Fhailí	72	80	81	4	4	4	22	21	21	7	9	10
Ros Comáin	16	18	17	17	17	16	4	0	2	0	0	0
Sligeach	22	26	18	0	0	0	0	0	0	3	5	3
BÁC Theas	185	177	183	68	75	88	9	10	10	0	7	7
TÁ Theas	48	52	55	12	13	17	5	6	6	3	4	3
Port Láirge	9	5	10	0	0	0	1	0	0	1	0	1
An Iarmhí	86	90	97	6	5	5	29	29	29	0	0	0
Loch Garman	133	145	144	34	40	43	24	23	22	7	7	7
Cill Mhantáin	97	99	108	12	12	9	3	4	4	1	0	0
Comhairlí Cathrach												
Corcaigh	137	145	148	9	9	9	20	20	20	0	0	0
Baile Átha Cliath	177	185	205	154	146	145	1	1	1	5	5	5
Gaillimh	182	193	192	26	26	24	11	11	13	2	3	2
Luimneach	4	3	2	9	10	9	3	2	1	0	0	0
Port Láirge	70	59	52	3	6	6	0	0	0	12	11	8
IOMLÁIN	**3,071**	**3,211**	**3,300**	**677**	**691**	**708**	**444**	**444**	**479**	**104**	**119**	**131**

Lucht Siúil sa bhliain 2009

Iomlán									Iomlán		
Láithreáin Stad na nÚdarás Áitiúil			Cóiríocht curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla nó le Cúnamh ó ÚÁ			Ar Láithreáin Neamhúdaraithe			Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ agus ar Lthreáin Neamhúdaraithe		
5			6			7			8		
2007	2008	2009	2007	2008	2009	2007	2008	2009	2007	2008	2009
5	4	7	74	75	77	3	2	2	77	77	79
0	0	0	48	63	73	1	1	1	49	64	74
38	22	15	142	137	145	7	3	1	149	140	146
17	17	18	177	191	191	35	33	21	212	224	212
15	9	6	141	146	138	4	0	2	145	146	140
29	28	35	87	85	95	3	0	2	90	85	97
99	93	81	209	216	196	74	42	43	283	258	239
20	11	16	374	351	397	33	30	20	407	381	417
25	22	17	183	180	190	8	9	2	191	189	192
29	21	16	82	79	70	16	17	22	98	96	92
9	13	9	72	77	78	23	16	14	95	93	92
8	1	1	98	92	96	10	6	7	108	98	103
20	16	18	32	36	39	0	0	0	32	36	39
74	21	21	291	245	258	31	35	27	322	280	285
3	4	0	237	262	257	2	1	0	239	263	257
13	5	2	239	247	246	6	4	6	245	251	252
6	6	5	162	156	157	28	28	21	190	184	178
48	47	50	159	158	156	6	12	2	165	170	158
10	11	6	91	94	104	2	3	1	93	97	105
18	20	18	119	128	134	30	28	19	149	156	153
52	42	43	157	156	159	23	34	29	180	190	188
20	17	16	57	52	51	7	6	5	64	58	56
40	28	29	65	59	50	10	9	9	75	68	59
155	139	137	417	408	425	7	10	0	424	418	425
11	12	17	79	87	98	24	13	7	103	100	105
6	5	10	17	10	21	10	3	3	27	13	24
34	71	71	155	195	202	3	0	2	158	195	204
15	9	7	213	224	223	84	72	73	297	296	296
29	37	36	142	152	157	26	16	8	168	168	165
67	62	68	233	236	245	16	10	8	249	246	253
104	100	90	441	437	446	46	64	55	487	501	501
43	58	54	264	291	285	4	14	0	268	305	285
57	67	62	73	82	74	0	3	4	73	85	78
21	17	18	106	93	84	12	0	6	118	93	90
1,140	**1,035**	**999**	**5,436**	**5,500**	**5,617**	**594**	**524**	**422**	**6,030**	**6,024**	**6,039**

Líon Iomlán Measta de Theaghlaigh Lucht Siúil i ngach Catagóir Cóiríochta sa bhliain 2009

Údarás Áitiúil	Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ	Ar Láithreáin Neamh-údaraithe	Acmhainní Féin (Measta.)	Phríobh-áideach Ar Cíos (Measta.)	Tithíocht Roinnte	Iomlán
	Ó Lch. 17, Colún 6	Ó Lch. 17, Colún 7	3	4	5	6
Ceatharlach	77	2	12	40	16	**147**
An Cabhán	73	1	0	40	1	**115**
An Clár	145	1	2	45	8	**201**
Corcaigh	191	21	11	92	40	**355**
Dún na nGall	138	2	0	98	13	**251**
Dún Laogh-Ráth	95	2	0	16	1	**114**
Fine Gall	196	43	0	112	5	**356**
Gaillimh	397	20	3	112	12	**544**
Ciarraí	190	2	18	69	13	**292**
Cill Dara	70	22	1	87	3	**183**
Cill Chainnigh	78	14	7	38	0	**137**
Laois	96	7	1	37	1	**142**
Liatroim	39	0	0	30	4	**73**
Luimneach	258	27	105	22	23	**435**
An Longfort	257	0	27	50	12	**346**
Lú	246	6	33	122	17	**424**
Maigh Eo	157	21	4	176	7	**365**
An Mhí	156	2	0	83	10	**251**
Muineachán	104	1	6	24	8	**143**
TÁ Thuaidh	134	19	1	21	4	**179**
Uíbh Fhailí	159	29	5	61	0	**254**
Ros Comáin	51	5	1	27	11	**95**
Sligeach	50	9	0	22	5	**86**
Áth Cliath Theas	425	0	25	90	14	**554**
TÁ Theas	98	7	7	9	15	**136**
Port Láirge	21	3	4	6	0	**34**
An Iarmhí	202	2	75	46	19	**344**
Loch Garman	223	73	128	110	27	**561**
Cill Mhantáin	157	8	4	39	2	**210**
Comhairlí Cathrach						
Corcaigh (Cathair)	245	8	4	69	29	**355**
BÁC (Cathair)	446	55	0	46	30	**577**
Gaillimh (Cathair)	285	0	2	126	35	**448**
Luimneach (Cathair)	74	4	0	11	3	**92**
Port Láirge (Cathair)	84	6	25	27	2	**144**
Iomlán	**5,617**	**422**	**511**	**2,003**	**390**	**8,943**

Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh - Seasamh mar atá 27 Samhain 2009

Cóiríocht iomlán curtha ar fáil ag nó le cúnamh ó Údaráis Áitiúla agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe = 6039



Láithreáin Stad Údaraithe le seirbhísí – 2009
Líon na dTeaghlach



Ar Láithreáin neamhúdaraithe – 2009
Líon na dTeaghlach



Cóiríocht arna Soláthar / Láithreáin Neamhúdaraithe (Líon na dTeaghlach)









Aguisín II
Cóiríocht arna Soláthar in 2009

Bánna Láithreáin Staid Curtha i gCrích in 2009

Údarás Áitiúil	Suíomh	Uimh. Banna					
		Nua			Athchóirithe / Athfhorbartha		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Baile Bhré	Láithreán Stad Bhéal Átha an Airgid				5		
Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	Lána an Átha Mhóir, an tSeanchill				5		
Comhairle Baile Dhún Garbháin	Páirc an tSeandúin				1		
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Ceathrú an Bhrúnaigh				20		
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Lána Stoicín	10					
Comhairle Contae Chiarraí	Páirc na bhFia				14		
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Lota Waller, an Caiseal	2					
Iomlán		**12**	**0**	**0**	**45**	**0**	**0**

Bánna Láithreáin Staid Curtha i gCrích (Mion-Athchóirithe) in 2009

Údarás Áitiúil	Láthair	Uimh. Banna					
		Nua			Athchóirithe / Athfhorbartha		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Chorcaí (Thiar)	An Sciobairín			2			
Cathair Luimnigh	Cluain an Longaigh				1		
Iomlán		**0**	**0**	**2**	**1**	**0**	**0**

Láithreáin Stad i mbun tógála an 31 Nollaig 2009

Údarás Áitiúil	Láthair	Uimh. Banna					
		Nua			Athchóirithe / Athfhorbartha		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Fhine Gall	Lóiste an Scioból	10					
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	An Cnoc Buí, An Caiseal	6					
Iomlán		**16**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**

Grúpscéimeanna Tithíochta Curtha i gCrích in 2009

Údarás Áitiúil	Láthair	Stadas	
		Nua	Athchóirithe / Athfhorbartha
Comhairle Contae Cheatharlach	Binn an Choire		1
Comhairle Contae an Chláir	Cnoc an Éin, Inis	6	
Comhairle Contae an Chláir	Glen North, Inis Díomáin	6	
Comhairle Contae an Chláir	Baile Mhic Cráibhín, Inis Díomáin	6	
Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	Halla an Bhurtúnaigh		1
Comhairle Contae Fhine Gall	Steach Comhaill, Lána Bhaiscín	10	
Comhairle Contae na Gaillimhe	Cois Móna	1	
Comhairle Contae na Gaillimhe	An Creagán, Cluain Tuaiscirt, Cill Chluaine		3
Comhairle Contae Laoise	Bruach na hAbhainn		1
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	An Bhoth Fhuar	8	
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Newcastle Lyons	10	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Béal Átha Droichid	1	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Lota Waller, an Caiseal	2	
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Clós Chúil Dreasa		6
Iomlán		**50**	**12**

Grúpscéimeanna Tithíochta Curtha i gCrích (Mion-Athchóirithe) in 2009

Údarás Áitiúil	Láthair	Stadas	
		Nua	Athchóirithe / Athfhorbartha
Comhairle Contae Cheatharlach	Ardristan, Binn an Choire & Knocknatubbrid		3
Comhairle Contae Cheatharlach	Páirc Mhuire		1
Comhairle Contae Chorcaí (Thiar)	An Cheathrú		2
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	An Clós Thuaidh		1
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Gairdíní Avila		1
Comhairle Contae na Gaillimhe	Gleannbricín		2
Comhairle Contae Shligigh	Cluain Ciabhaigh		1
Iomlán		**0**	**11**

Grúpscéimeanna Tithíochta i mbun tógála an 31 Nollaig 2009

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Cuas	
		Nua	Athchóirithe / Athfhorbartha
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Páirc Avila - Céim V	1	10
Comhairle Contae Fhine Gall	Ard Ló, Na Sceirí	10	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	Radharc na Rátha Léithe, Ros Cré	1	
Iomlán		**12**	**10**

Tithíocht Aonuaire Ceannaithe in 2009

Údarás Áitiúil	Láthair	Aonaid
Comhairle Contae Chill Dara	Bóthar an Phortaigh Buí, Cill Chuillinn	1
Comhairle Contae Shligigh	Achadh an tSrutháin, Béal Átha an Fhóid	1
Iomlán		**2**